# Cill Chainnigh
# Kilkenny

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

Gairdíní agus Crannlann Chluain Dúin, Co. Chill Chainnigh (Grianghraf, Dylan Vaughan)
*Woodstock Gardens and Arboretum, Co. Kilkenny. (Photo, Dylan Vaughan)*

# Ábhar
# Contents


1 Réamhrá
*Foreword*

2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCill Chainnigh
*Culture and Creativity in Kilkenny*

3 Fís Éire Ildánach do Chill Chainnigh
*The Creative Ireland Vision for Kilkenny*

4 Luachanna Éire Ildánach i gCill Chainnigh
*The Creative Ireland Values in Kilkenny*

5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chill Chainnigh
*Strategic Priorities for Kilkenny*

6 Feidhmiú
*Implementation*


Kilkenny County Council
Comhairle Chontae Chill Chainnigh

# 1 Réamhrá
## Foreword

AG AN GCÉAD "Fóram Éire Ildánach" de chuid na hÉireann a seoladh i mí na Nollag 2017, thug an Taoiseach, Leo Varadkar, tuairisc ar thábhacht thionscadal Éire Ildánach mar a leanas:

"Bíonn dhá thasc ar leith i gceist le hobair an rialtais aon tráth áirithe: bíonn orainn déileáil le himeachtaí agus le himthosca an lae ach, chomh maith leis sin, bíonn orainn beartais agus tionscnaimh a fhorbairt a rannchuideoidh le saol níos fearr dár saoránaigh sa todhchaí. Is rómhinic a fhágann gnó práinneach an lae inniu spás róbheag le haghaidh na hoibre tábhachtaí a ghabhann le múnlú na todhchaí".

Cruthaíonn Clár Éire Ildánach an spás inar féidir linn dianmhachnamh samhlaíoch a dhéanamh faoinár dtodhchaí chomhchoiteann, faoin tslí inar féidir linn ár n-acmhainneacht mar dhaoine aonair agus mar shochaí a bhaint amach agus faoin gcineál sochaí is mian linn a bheith ann sa todhchaí.

I gComhairle Contae Chill Chainnigh, tá foireann seirbhísí cultúir againn a bhíonn ag plé le grúpaí agus le daoine aonair agus ag cur seirbhísí ar fáil sna réimsí Oidhreachta, Ealaíon, Leabharlainne agus Caomhantais. Tá Straitéis Chultúir glactha ag Comhairle Contae Chill Chainnigh don tréimhse ó 2018 go 2022, ar Plean Comhtháite Straitéiseach é i leith Seirbhísí Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Chainnigh a sholáthar.

Léiríonn an plean seo an fonn atá ar dhaoine i leith cur chuige comhleanúnach a bheith ann i ndáil le rannpháirtíocht agus comhairliúchán, agus naisc shoiléire ann le beartais náisiúnta amhail Cultúr 2025 agus Clár Éire Ildánach agus béim á leagan ar thacaíocht do chleachtóirí inár gcontae cruthaitheach.

AT IRELAND'S FIRST "Creative Ireland Forum" held in December, 2017, An Taoiseach Leo Varadker outlined the importance of the Creative Ireland project as follows:

"The work of government at any given time involves two distinct tasks: we have to deal with events and circumstances of the day, but we also have to develop ideas, policies and initiatives that will contribute to a better life for our citizens in the future. All too often the urgent business of today leaves two little space for the important task of shaping that future".

The Creative Ireland Programme creates the space for us to think deeply and imaginatively about our collective future, about how we can realise our potential as individuals and as a society and about the type of society we want for the future.

In Kilkenny County Council we have an active cultural services team engaging with groups and individuals and delivering services across the Heritage, Arts, Library and Conservation areas. Kilkenny County Council has adopted a Cultural Strategy for the period 2018 to 2022 which is an Integrated Strategic Plan for the delivery of the Arts, Heritage and Library Services of Kilkenny County Council.

This plan represents the desire for a more joined up approach to engagement and consultation, with clear linkages to national policies like Culture 2025 and the Creative Ireland Programme and an emphasis on practitioner support in our creative county.



Tacaíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir agus i gcleachtadh an chultúir trí bhíthin comhpháirtíochtaí agus comhoibriú, trí bhíthin tacaíocht shuntasach, idir dhíreach agus neamhdhíreach, agus trí infreastruchtúr cultúir a sholáthar ar fud na Cathrach agus an Chontae. Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta i leith Cill Chainnigh a fhorbairt mar áit a bhfuil meon muintearais agus mórtais ann is cuma cén náisiúntacht nó cúlra eitneach atá i gceist agus a bhfuil deis ar fáil ann chun rannchuidiú le gach gné den saol. Táimid ag leanúint de sholáthar airgeadais a chur ar fáil ar mhaithe le hinfheistíocht sa bhonneagar cultúir agus táimid ag tnúth le leathnú a dhéanamh ar na hearnálacha cruthaitheachta agus cultúir ar fud an chontae.

**An Comhairleoir Eamon Aylward**
Cathaoirleach
Comhairle Contae Chill Chainnigh

**Colette Byrne**
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Chill Chainnigh

Kilkenny County Council supports cultural participation and practice through partnerships and collaborations, through significant direct and indirect support and through the provision of cultural infrastructure across the City and County. Kilkenny County Council is committed to developing Kilkenny as a place where those from all nationalities and ethnic backgrounds have a sense of belonging and pride and the opportunity to contribute to all aspects of life. We continue to make financial provision for investment in cultural infrastructure and look forward to the expansion of our creative and cultural sectors across the county.

**Councillor Eamon Aylward**
Cathaoirleach
Kilkenny County Council

**Colette Byrne**
Chief Executive
Kilkenny County Council

# 2 An Cultúr agus an Chruthaitheacht i gCill Chainnigh
## Culture and Creativity in Kilkenny

IS IAD CULTÚR agus cruthaitheacht Chill Chainnigh a fhágann gur áit uathúil í, a thugann a saintréithe ar leith di agus a thugann mórtas áite dá pobal. Is ionann na saintréithe sin agus léiriú ar ár luachanna, ar ár n-eolas agus ar ár dtraidisiúin.

I dtéarmaí leathana, éiríonn cultúr agus cruthaitheacht as idirghníomhaíocht idir daoine agus áit thar na blianta, rud a mhúnlaíonn pobail agus nósanna, gníomhaíochtaí cruthaitheacha, intleachtúla agus spioradálta, tírdhreacha foirgnithe agus nádúrtha, agus éiceachórais.

Tá difríocht ann, ó phobal go pobal agus ó dhuine go duine, sa tslí ina ndéanaimid cultúr agus cruthaitheacht a shainmhíniú, ina mbunaímid caidreamh leo agus ina n glacaimid páirt iontu. Aithnímid an ceart atá ag gach uile dhuine a bheith rannpháirteach sa chultúr agus sa chruthaitheacht, de réir a gcuid riachtanas agus roghanna ar leithligh. Is le muintir Chill Chainnigh ár gcultúr agus ár gcruthaitheacht. Agus tugann an úinéireacht sin freagracht dúinn i leith an cultúr a chaomhnú agus a fheabhsú dúinn féin agus do na glúnta a bheidh ann inár ndiaidh.

*"Taispeánann scrúdú ar ainmneacha na bpáirceanna atá taifeadta mar thoradh ar an tionscadal go bhfuil ainmneacha na n-áiteanna beaga seo ar fud thírdhreach an chontae saibhir agus lán de mhionsonraí spéisiúla: breacachan lena ngabhann mionsonraí agus startha teaghlach ar leithligh agus thopagrafaíocht na talún …….. ach, ina theannta sin, lena ngabhann mionsonraí agus startha ghníomhaíochtaí a d'fhoirmigh agus a mhúnlaigh an chuma atá ar an tírdhreach sa lá atá inniu ann. Tá ainmneacha ár mbailte fearainn, ár bpáirceanna agus ár sainchomharthaí ina snáitheanna riachtanacha a choinníonn an bhreacachan sin le chéile. Mura dtugaimid aire don fhuáil scaoilfidh an fíochán go gasta agus beidh rúin oidhreachta béil atá faighte ó na glúnta a bhí ann romhainn caillte go deo."* Alan Counihan, Amharc-Ealaíontóir & Comhordaitheoir Tionscadail, Tionscadal Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh (a bhfuarthas cómhaoiniúchán ina leith ó Éire Ildánach Chill Chainnigh).

KILKENNY'S CULTURE AND creativity are what makes the county unique, what gives it its special character and its sense of place. They are a reflection and expression of our values, knowledge and traditions.

In a broad sense, culture and creativity arises from the interaction of people and place over time, shaping communities and customs, creative, intellectual and spiritual pursuits, built and natural landscapes, and ecosystems.

How we define, identify with, and participate in culture and creativity varies from community to community and person to person. We recognise the right for everyone to participate in culture and creativity, in accordance with their needs and preferences. Our culture and creativity belongs to the people of Kilkenny. This ownership also confers to us the responsibility of conserving and enhancing culture for ourselves and future generations.

*"An examination of the field names recorded by the project shows that the overlay of these minor place names upon the county's landscape is rich and full of interesting detail: a patchwork fabric inlaid with the details and histories not only of individual families and the topography of the land ……..but also of their activities which have helped to form and shape the appearance of the landscape today. The names of our townlands, our fields and our landmarks are essential threads that hold that quilted fabric together. If we do not tend to its stitching the entire weave will quickly unravel and the secrets of an oral heritage handed down across the generations will be lost forever."* Alan Counihan, Visual Artist & Project Co-ordinator Kilkenny Field Names Project (Co-funded by Creative Ireland Kilkenny).



Rannchuidíonn ár gcultúr agus ár gcruthaitheacht le cuid mhór gnéithe dár saol agus gabhann cuid mhór tairbhí de chineál inbhraite agus dobhraite leo. Rannchuidíonn siad le caighdeán ár saoil agus leis an taitneamh a bhainimid as an saol, agus rannchuidíonn siad freisin lenár meon muintearais agus lenár mórtas áite. Déanann siad amhlaidh trí dheiseanna a sholáthar chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus chun foghlaim a dhéanamh, chun idirghníomhú le daoine eile, chun eispéiris chultúir a chomhroinnt, chun a mhothú go bhfuil dlúthbhaint ann le pobal, chun taitneamh a bhaint as áineas agus as machnamh, agus chun dul i gceangal leis an dúlra, rud a mbaineann tábhacht ar leith leis i gcás leanaí.

Is féidir leas a bhaint as cultúr agus cruthaitheacht freisin chun luach breise eacnamaíochta a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail. Soláthraíonn siad deiseanna ilchineálacha do dhaoine aonair chun forbairt a dhéanamh mar shaoránaigh níos liteartha, níos eolasaí, níos deisbhéalaí agus níos muiníní, ar deiseanna iad a thugann tacaíocht do thionscnaimh áitiúla eacnamaíochta agus d'fhorbair áitiúil eacnamaíochta, chomh maith le tacaíocht a thabhairt i leith fholláine an duine aonair.

*"Thug an t-imeacht seo ardú meanman dom—is iontach an rud é seirbhís den sórt sin a bheith ar fáil sa leabharlann."* Rannpháirtí san imeacht de chuid Fhéile Bhealtaine dar teideal "Melodies, Music and Memories" (a bhfuarthas cómhaoiniúchán ina leith ó Éire Ildánach Chill Chainnigh).

Tá an cultúr nasctha ar bhealach doscaoilte leis an gcruthaitheacht, rud a bhfuil tús áite á thabhairt dó níos mó ná riamh i straitéisí áitiúla agus náisiúnta mar chatalaíoch tábhachtach i gcomhair nuálaíochta, foghlama, fiontraíochta, difreáil ghnó agus rathúnas eacnamaíochta foriomlán. Maidir le daoine atá bainteach le réimse an chultúir, mar dhaoine gairmiúla nó mar

Our culture and creativity contributes to many aspects of our lives and has many tangible and intangible benefits. They contribute to our quality and enjoyment of life, and our sense of place and local pride. They do this by providing opportunities to access information and learn, to interact with others, to share cultural experiences, to feel more immersed in a community, to enjoy recreation and reflection, and to connect with nature, which is of particular importance for children.

Culture and creativity can also be harnessed to add economic value for individuals and communities. They provide diverse opportunities for individuals to develop into more literate, informed, articulate and confident citizens, which support local economic initiatives and development, as well as individual well being.

*"This event has lifted my spirits—it's great to have such a service in the library"*. Bealtaine participant at the "Melodies, Music and Memories" event (Co-funded by Creative Ireland Kilkenny).

Culture is inextricably linked to creativity, which is increasingly prioritised in local and national strategies as a key catalyst for innovation, learning, entrepreneurship, business differentiation and overall economic

oibrithe deonacha, aithnítear go bhfuil cumais riachtanacha chruthaitheacha agus scileanna riachtanacha cruthaitheacha acu ar ceart tacú leo, meas a thabhairt orthu agus a chur ar fáil go forleathan.

Bíonn an cultúr agus an chruthaitheacht ag brath go mór ar dhaoine ildisciplíneacha, díograiseacha, tallannacha a bheith ann agus iad ag obair i gcáil ghairmiúil nó mar oibrithe deonacha in earnáil an chultúir.

Tosaíocht sheanbhunaithe straitéiseach is ea í na dálaí cearta a chruthú do dhaoine atá ag obair san earnáil chultúir i gcoitinne le go mbeidh gairmréimeanna inbhuanaithe sásúla acu. Aontaítear go forleathan freisin go bhfuil deis straitéiseach ann chun tacú le moil tallainne nua agus le moil tallainne seanbhunaithe i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta, agus chun infheistíocht a dhéanamh iontu, d'fhonn ionaid sármhaitheasa a chruthú ar féidir leo feidhmiú ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta. Tá deis ann anois chun leas a bhaint as an bhfoghlaim, as na láidreachtaí agus as an móiminteam atá acu.

Ní féidir tairbhí suntasacha an chultúir a bhaint amach ina n-iomláine ach amháin má bhíonn feasacht fhorleathan ina leith ann sa phobal agus má bhíonn rannpháirtíocht fhorleathan ann ar thaobh an phobail. Dá réir sin, tá éileamh mór straitéiseach ar thionscnaimh a fhágann go bhfuil an cultúr níos feiceálaí agus gur fusa atá sé rochtain a fháil air agus go bhfuil sé chomh gar agus is féidir do dhaoine, mar shampla trí aird a tharraingt ar idirghníomhaíochtaí laethúla leis an gcultúr, trí rochtain saor in aisce agus fóirdheontais ar láithreáin agus ar imeachtaí a chur chun cinn, agus trí rochtain dhigiteach a fheabhsú.

Ina theannta sin, tá gá straitéiseach le tionscnaimh trína ndéantar éagsúlú ar chomhdhéanamh an lucht féachana agus trína

prosperity. There is a recognition that people involved in culture, either as professionals or volunteers, possess vital creative abilities and skills which should be supported, valued and diffused.

Culture and creativity relies critically on a dedicated and talented pipeline of multi-disciplinary people working in either a professional or volunteer capacity in the cultural sector.

It is a well-established strategic priority to create the right conditions for people working in the broad cultural sector to have sustainable and rewarding careers. It is also widely agreed that there is strategic opportunity in supporting and investing in emerging or established hubs of cultural and creative talent to create centres of excellence that can perform at a national and international level. There is potential to leverage their existing learnings, strengths and momentum.

The significant benefits of culture can only be fully realised if there is strong public awareness and engagement. Accordingly, there is strategic demand for initiatives that make culture more prominent, accessible and as close to people as possible, for example by highlighting day-to-day interactions with culture, encouraging free and subsidised access to sites and events, and improving digital access.

There is also a strategic need for initiatives that diversify audiences and target excluded groups, to ensure culture represents and includes all people.





ndírítear ar ghrúpaí eisiata, lena chinntiú go bhfuil an cultúr ionadaíoch do gach duine agus go gcuimsítear gach duine ann.

*"Is minic a cheaptar nach bhfuil sa chultúr ach rud a gcuireann an lucht léinn spéis ann. Is ionann cultúr agus an tslí ina labhraímid, ina nguímid, ina n-ithimid agus ina ndéanaimid súgradh..."* Freagróir suirbhé, comhairliúchán poiblí, Straitéis Chomhairle Contae Chill Chainnigh (Ealaíona, Oidhreacht, Leabharlann) 2018–2022.

Aithnítear go mbíonn tionchar mór ag tionscnaimh chultúir nuair a bhíonn siad dírithe ar phobal agus nuair a bhíonn pobail i gceannas orthu. Dá réir sin, tá tacaíocht ghinearálta ann le haghaidh cur chuige comhoibríoch i leith pleanáil chultúir agus úinéireacht dhíláraithe ar thionscnaimh.

Creideann Comhairle Contae Chill Chainnigh go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le díriú ar leanaí agus daoine óga a chur i dteagmháil le cultúr agus le cruthaitheacht go feadh an méid is mó agus is féidir agus gur ceart gach gné den chultúr agus den chruthaitheacht a chur san áireamh sa chóras oideachais, mar shampla, an chruthaitheacht a chothú, feabhas a chur ar oideachas ealaíon agus oidhreachta agus ar litearthacht ina leith na n-ealaíon agus na hoidhreachta, agus méadú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht leis an saol mór amuigh faoin spéir. Chun tacú leis sin, tugann Comhairle Contae Chill Chainnigh spreagadh d'eagraíochtaí cultúir glacadh leis an bprionsabal maidir le rannpháirtíocht ag leanaí, rud a chinnteoidh go mbeidh tuairimí leanaí á gcur san áireamh nuair a bhíonn gníomhaíochtaí á gceapadh dóibh.

*"Ó tharla go raibh mé in ann páirt a ghlacadh sna ceardlanna bhí mé ábalta cairde nua a dhéanamh agus bualadh le daoine a bhfuil dúil acu go léir sa scríbhneoireacht chruthaitheach. Thug an grúpa deiseanna dom chun focail a aimsiú nach mbeinn in ann teacht orthu thairis sin agus chun mé féin a chur i iúl, gan trácht ar*

*"Culture is often confused solely as a high brow curiosity. Culture is how we speak, pray, imbibe, eat and play..."* Survey respondent, public consultation, Kilkenny County Council Cultural Strategy (Arts, Heritage, Library) 2018–2022.

It is recognised that cultural initiatives create high impact when they are community focused and community led. Accordingly, there is general support for a collaborative approach to cultural planning and decentralised ownership of initiatives.

Kilkenny County Council believes that it is strategically important to focus on immersing children and young people in culture and creativity and that all aspects should also be incorporated into the educational system, such as nurturing creativity, improving arts and heritage education and literacy, and increasing interaction with the outdoors. To support this, Kilkenny County Council encourages cultural organisations to adopt the principle of children's participation, ensuring children's views inform their activities.

*"Being able to take part in the workshops has allowed me to make friends and meet people who all share a love for creative writing. The group has given me opportunities to find words I couldn't find on my own and to express myself, as well as the benefits of outings and meeting other poets / artists."* Aoibhin, "Rhyme Rag Ensemble" member. (Co-funded by Creative Ireland Kilkenny).

*na tairbhí a fuair mé ó thurais agus ó bhualadh le filí / le healaíontóirí eile.*" Aoibhin, ball de "Rhyme Rag Ensemble". (Fuarthas cómhaoiniúchán ina leith ó Éire Ildánach Chill Chainnigh).

Tá ról ceannasach comhlíonta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh i ndáil le hinfheistíocht a dhéanamh inár n-acmhainní cultúir agus cruthaitheachta agus i ndáil le tacaíocht a thabhairt ina leith sin. Aithnímid tábhacht na gcomhpháirtíochtaí a mhéid a bhaineann lenár gcur chuige i leith chur i bhfeidhm na seirbhísí seo agus tá muinín againn freisin as cumas an chultúir agus na cruthaitheachta le linn aghaidh a thabhairt ar uilechuimsitheacht shóisialta, ar chúrsaí sláinte agus folláine agus ar rannpháirtíocht phobail.

Oibríonn Oifig Ealaíon Chill Chainnigh chun staid Chill Chainnigh mar ionad sármhaitheasa do na healaíona a neartú tuilleadh agus chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rathúil bhisiúil ealaíon ann.

Oibríonn Oifig Ealaíon Chill Chainnigh le pobail agus le gníomhaireachtaí chun a chinntiú go ndéantar oidhreacht fhoirgnithe, oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht chultúir Chill Chainnigh a chur chun cinn agus a chosaint le go bhféadfaidh muintir na haimisre seo agus na glúnta a bheidh ann inár ndiaidh taitneamh a bhaint astu.

Tá Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh i gcroílár an phobail áitiúil agus freastalaíonn sí ar riachtanais fhaisnéise, chultúir, oideachais, shóisialta agus fhoghlama an chontae.

Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag Oifig Caomhantais agus Oifig Ailtire Chomhairle Contae Chill Chainnigh maidir le soláthar seirbhísí cultúir sa chontae. Agus iad ag obair in éineacht lena chéile, déanann Foireann Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh acmhainní cultúir agus cruthaitheachta Chill Chainnigh a chur chun cinn, agus tugann siad tacaíocht ina leith sin, le linn dóibh fís Éire Ildánach a léiriú agus a chur i bhfeidhm.

Kilkenny County Council has taken a lead in investing in and supporting our cultural and creative resources. We recognise the importance of partnerships in our approach to the delivery of these services, and we also believe in the ability of culture and creativity to address social inclusion, health and well-being, and community engagement.

The Kilkenny Arts Office works to further strengthen Kilkenny's position as a centre of excellence for the arts and ensure a successful and thriving arts environment.

The Kilkenny Heritage Office works with communities and agencies to ensure that Kilkenny's built, natural and cultural heritage is promoted protected and enjoyed by current and future generations

The Kilkenny Library Service is the heart of the local community, providing for the informational, cultural, educational, social and learning needs of the county.

The Conservation Office and Architect Office of Kilkenny County Council also play an important role in cultural service delivery in the county. Together the Kilkenny County Council Cultural Services Team promotes and supports Kilkenny's cultural and creative resources, thus reflecting and implementing the vision of Creative Ireland.







Bookvillas, Taispeántas Fhéile Bookville, 2017. (An tEalaíontóir Mick Minogue. An Grianghrafadóir Ian McDonnell)
*Bookvillas, Bookville Festival Exhibition, 2017. (Artist Mick Minogue. Photographer Ian McDonnell)*

# 3 Fís Éire Ildánach do Chill Chainnigh
## The Creative Ireland Vision for Kilkenny

IS É ATÁ i bhfís Chlár Éire Ildánach ná go mbeidh deis ag gach duine a chónaíonn in Éirinn barr a chumais nó a cumais cruthaitheachta a bhaint amach. Déantar an fhís sin a shaothrú trí Chúig Cholún an Chláir:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht san Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Éire mar Lárionad Barr Feabhais Cruthaitheachta

**Colún 5**
Clú Domhanda: Náisiún Cruthaitheach agus Cultúrtha

Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Meastar freisin go bhfuil sé riachtanach, d'fhonn an fhís a bhaint amach, ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha eile a chur i gceangal le pobail.

Tá Clár náisiúnta Éire Ildánach tar éis na húdaráis áitiúla a shainaithint mar phríomhthionscnóirí i leith Colún 2 a chur i bhfeidhm. Aithníonn lucht ceannais an Chláir náisiúnta gurb iad na húdaráis áitiúla a spreagann rannpháirtíocht phobail agus go bhfuil an oilteacht agus an taithí ag na húdaráis áitiúla i ndáil le cláir chultúir a chur ar fáil trí mheithleacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta.

Is é atá san fhís atá againne ná cumas cruthaitheach gach uile phobal agus gach uile dhuine aonair i gContae Chill Chainnigh a chumasú (Colún 2 de Chlár Éire Ildánach). Thar thréimhse cúig bliana na Straitéise seo (2018–2022) déanfaimid comhpháirtíochtaí cruthaitheacha a éascú agus a spreagadh, agus tabharfaimid tacaíocht dóibh, trí thacaíocht shuntasach de chineál díreach agus neamhdhíreach agus trí infreastruchtúr cultúir a chur ar fáil ar fud na Cathrach agus an Chontae. Is iad seo a leanas na spriocanna atá againn: go mbeidh rath ar an gcultúr agus ar an gcruthaitheacht; go ndéantar iad a cheiliúradh agus go dtugtar meas orthu; go nglacann an líon is mó daoine agus is féidir páirt i gcultúr agus i gcruthaitheacht Chontae Chill Chainnigh agus go bhfaigheann siad blaiseadh den saibhreas a bhaineann leis sin.

Sa straitéis seo, leagtar amach an modh ina gcothóidh agus ina spreagfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh rannpháirtíocht na saoránach i ngníomhaíocht chultúir agus chruthaitheachta. Tá ár bhfís fréamhaithe i straitéisí, i bpleananna agus i mbeartais de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh atá ann cheana féin, go háirithe Straitéis Chultúir Chomhairle Chontae Chill Chainnigh (Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna) 2018-2022. Ina theannta sin, le linn an straitéis seo a ullmhú baineadh úsáid as eolas a fuarthas ó chlár cuimsitheach comhairliúcháin le pobail, leis an earnáil chruthaitheach agus chultúir agus le hIonadaithe Tofa.

THE VISION OF the Creative Ireland Programme is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the Five-Pillars of the Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
Ireland as a Centre of Creative Excellence

**Pillar 5**
Global Reputation: a Creative and Cultural Nation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

The national Creative Ireland Programme has identified local authorities as the main drivers for implementation of Pillar 2. They recognise that local authorities are the primary instruments of community engagement, and that they have the expertise and experience for local cultural programme delivery through the local cultural and creative teams.

Our vision is to enable the creative potential of every community and individual in County Kilkenny (Pillar 2 of the Creative Ireland Programme). Over the five year period of this Strategy (2018–2022) we will facilitate, encourage and support creative partnerships, both through significant direct and indirect support and the provision of cultural infrastructure across the City and County. Our goals are to ensure that culture and creativity thrive; that they are celebrated and valued; and that as many people as possible participate in, and experience the richness of, County Kilkenny's culture and creativity.

This strategy sets out the means by which Kilkenny County Council will foster and encourage citizen engagement in creative and cultural activity. Our vision is rooted in existing Kilkenny County Council strategies, plans and policies, most especially the Kilkenny County Council Cultural Strategy (Arts, Heritage, and Library) 2018–2022. The strategy has also been informed by a comprehensive programme of consultation with communities, the creative and cultural sector and Elected Representatives.

# 4 Luachanna Éire Ildánach i gComhairle Contae Chill Chainnigh
## The Creative Ireland Values in Kilkenny County Council

TÁ MEITHEAL SEIRBHÍSÍ Cultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh comhdhéanta de dhaoine ó réimsí éagsúla seirbhíse lena n-áirítear Oidhreacht, Ealaíona, Leabharlanna, Ailtireacht agus Caomhantas agus díríonn siad go háirithe ar ghníomhaíochtaí pobail. Oibríonn an grúpa seo ar bhealach comhoibríoch agus baineann siad úsáid as gach pointe teagmhála atá ar fáil chun clár inrochtana a chruthú don phobal ar fad, chun tairseach a chur ar fáil i gCill Chainnigh le haghaidh cruthaitheachta agus chun spás a sholáthar i gcomhair rannpháirtíocht phobail agus comhtháthú pobail.

Díríonn ár straitéis ar ról Chomhairle Contae Chill Chainnigh i gcomhthéacs forleathan Chlár Éire Ildánach. Is iad na hÚdaráis Áitiúla, go háirithe, a chuireann Colún 2 de Chlár Éire Ildánach – Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal – i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag ár straitéis tosaíochtaí a shainaithint atá in ann tacú le comhobair chruthaitheach chultúrtha, agus comhobair den sórt sin a chur chun cinn, pobail a neartú agus gníomhú mar chatalaíoch i leith comhtháthú agus i leith feabhsú pobail trí leas a bhaint as acmhainneacht chruthaitheach. Bainfidh na tosaíochtaí sin leas as tacaíochtaí ó cholúin uile chlár Éire Ildánach agus déanfar de réir chuspóirí na gcolún sin go léir.

Is iad na spriocanna atá againn a chinntiú go mbeidh rath ar an gcultúr agus ar an gcruthaitheacht i gContae Chill Chainnigh, go ndéantar iad a cheiliúradh agus go dtugtar meas orthu, go bhfaigheann an líon is mó daoine agus is féidir blaiseadh den saibhreas agus den ilchineálacht a bhaineann leis an ábhar cruthaitheach a chuirimid ar fáil agus go mbíonn ról lárnach ag an Meitheal Seirbhísí Cultúir i ngach feidhm de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

THE CULTURAL SERVICES Team within Kilkenny County Council come from different service areas including Heritage, Arts, Libraries, Architecture and Conservation, and have a strong focus on communities. This group work collaboratively, using all available points of contact to create an accessible programme for the whole community, to provide a gateway to creativity in Kilkenny and a space for community engagement and cohesion.

Our strategy focuses on the role of Kilkenny County Council within the wider context of the Creative Ireland Programme. Local Authorities particularly deliver Pillar 2 of the Creative Ireland Programme – Enabling creativity in every community. Our Strategy aims to identify priorities that can support and promote creative and cultural collaborations, build communities and act as catalysts for integration and community improvement through creative potential. These priorities will avail of supports and follow the objectives of all pillars of the Creative Ireland programme.

The goals of our strategy are to ensure that culture and creativity thrives in County Kilkenny, that culture and creativity are celebrated and valued, that as many people as possible experience the richness and diversity of our creative offering and that the Cultural Services Team plays an integral role in all the functions of Kilkenny County Council.



I measc na gcroíluachanna atá ann mar bhuntaca don ról sin, áirítear luach bunúsach an chultúir agus na cruthaitheachta, an luach eacnamaíochta do dhaoine aonair agus do phobail, feabhsú chaighdeán na beatha, na sláinte agus na folláine ar leibhéal pearsanta agus ar leibhéal comhchoiteann, cur chun cinn na rannpháirtíochta cathartha agus comhtháthú agus meon feabhsaithe muintearais agus féiniúlachta. Is é ár bpríomhchuspóir gníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta a bheith ar fáil ag gach pobal, go háirithe ag ár bpobail tuaithe trí rannpháirtíocht mhéadaithe agus trí shaoráidí feabhsaithe d'fhonn pobal cruthaitheach a chur ar bun dár gcontae.

The core values underpinning that role include the intrinsic value of culture and creativity, the economic value for individuals and communities, the enhancement to quality of life, health and well being on a personal and collective level, the promotion of civic participation and cohesion and better sense of place and identity. It is our primary objective to make cultural and creative activities accessible to all communities, especially our rural communities through increased engagement and improved facilities to build a creative community for our county.



Mic léinn cniotáil á foghlaim acu le linn Fhéile Bhealtaine (Grianghraf, Dylan Vaughan)
*Students learning to knit at the Bealtaine Festival (Photo, Dylan Vaughan)*

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chill Chainnigh
## Strategic Priorities for Kilkenny

TÁ AN STRAITÉIS seo ailínithe le Straitéis reatha Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlann Chontae Chill Chainnigh 2018–2022 ina sainaithnítear cúig thosaíocht straitéiseacha atá dírithe ar rochtain, ar rannpháirtíocht, ar chomhpháirtíocht agus ar chomhoibriú. Tá na tosaíochtaí sin i gcomhréir le cúig cholún Éire Ildánach.

Sa chreat straitéiseach, déantar an tosaíocht shainiúil maidir le féiniúlacht chultúir agus na tosaíochtaí straitéiseacha a chumasc chun fís chomhtháite faoin rath a bheidh ann amach anseo agus cur chuige spriocdhírithe maidir le forfheidhmiú a chur ar fáil mar aon le struchtúr treorach ar dá réir is féidir réimsí gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a mheas.

**Na cúig thosaíocht straitéiseacha**

1. Soláthar gníomhaíochtaí cultúir de réir an dea-chleachtais a chumasú
2. Rannpháirtíocht a mhéadú agus a éagsúlú
3. Tacú le gníomhaíochtaí cultúir i limistéir thuaithe agus i limistéir uirbeacha
4. Leanaí agus daoine óga a áireamh i ngníomhaíochtaí cultúir
5. Luach an chultúir a chur in iúl

THIS STRATEGY ALIGNS with the current County Kilkenny Cultural Strategy Arts, Heritage and Libraries, 2018–2022, which identifies five strategic priority areas focussing on access, participation, partnership and collaboration. These priorities are in line with the five Creative Ireland pillars.

The strategic framework combines the distinctive cultural identity and strategic priorities to provide an integrated vision of future success, a targeted implementation approach, and a guiding structure against which action areas can be developed and assessed.

**The five strategic priorities**

1. Enable best practice delivery of culture
2. Increase and diversify participation
3. Support culture in rural and urban areas
4. Engage children and young people in culture
5. Communicate the value of culture



**1. Soláthar gníomhaíochtaí cultúir de réir an dea-chleachtais a chumasú**

Maidir leis na cleachtóirí a oibríonn san earnáil chultúir, idir dhaoine gairmiúla agus oibrithe deonacha, is iad na cleachtóirí sin a sholáthraíonn an dúshraith trína gcinntítear go mbeidh rath ar chúrsaí cultúir i gContae Chill Chainnigh. Chun leanúint de dhaoine aonair tallannacha díograiseacha a mhealladh, tá sé tábhachtach go gcothóimid an rath agus as an gclú atá bainte amach cheana féin ag Contae Chill Chainnigh mar lárionad cultúir agus cruthaitheachta.

Cuirfimid an dea-chleachtas chun cinn i dtaca le bainistíocht cultúir agus tabharfaimid cabhair i ndáil le timpeallacht a chruthú ina dtugtar meas ar dhaoine a oibríonn san earnáil chultúir agus ina bhfuil gairmréimeanna fiúntacha inbhuanaithe ag na daoine sin.

- Cuirfidh Comhairle Contae Chill Chainnigh eispéiris ardchaighdeáin ar fáil inár gcuid clár go léir trí oibriú le cleachtóirí agus le gairmithe ardoilte de chuid earnáil an chultúir ar daoine iad a bhfuil taithí cuí acu.
- Chun cultúr Chill Chainnigh a chosaint agus a chur chun cinn, tugaimid aird ar an gcomhairle agus ar an eolas ar fad a fhaightear faoi reachtaíocht, faoi chláir, faoi bheartais, faoi phleananna agus faoi dheiseanna maoiniúcháin. Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí eile i ndáil lena gcuid tionscadal agus clár.
- Leanfaimid d'fhaireachán agus de mheasúnú a dhéanamh ar ár ngníomhaíochtaí go léir chun a chumasú cláir atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar agus iad dírithe ar fhíor-riachtanais ár bpobal agus ár gcleachtóirí.

**1. Enable best practice delivery of culture**

It is the practitioners who work in the cultural sector, both professional and volunteers, who provide the foundation for culture to thrive in County Kilkenny. To continue to develop and attract dedicated and talented individuals, it is important that we sustain County Kilkenny's successful track record and reputation as a cultural and creative centre.

We will promote best practice management of culture, and help to create an environment where people working in the cultural sector are valued and have rewarding and sustainable careers.

- Kilkenny County Council will deliver high-quality experiences across all of our programmes by working with highly skilled and appropriately experienced cultural practitioners and professionals.
- We are cognisant of the significance of the provision of advice and information on legislation, programmes, policies, plans and funding opportunities to identify, protect and promote Kilkenny's culture. Therefore we will continue to support other groups and organisations in their projects and programming.
- We will continue to monitor and evaluate all of our activities to enable the delivery of evidence-based programmes focusing on real needs and requirements of our communities and practitioners.

- Bainfimid an leas is mó agus is féidir as deiseanna i gcomhair forbairt ghairmiúil leanúnach, i gcomhair oiliúna agus scileanna do chleachtóirí agus do ghairmithe cultúir agus do phobail, agus, dá dhroim sin, déanfar cláir agus deiseanna oiriúnacha ardchaighdeáin a fhorbairt le go bhféadfaidh daoine rogha eolasach a dhéanamh i leith gairmréime sna hEalaíona.
- Feidhmóidh rannpháirtíocht ghníomhach i gcláir agus i dtionscadail taighde, atá á gcomhordú ar bhonn náisiúnta, amhail an Oíche Chultúir, an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta agus Bealtaine, mar mhodh chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil cur chuige náisiúnta comhordaithe ann maidir le cláir den sórt sin agus go méadófar an líon gníomhaíochtaí cultúir a bhíonn á dtairiscint againn.
- Cinnteoimid gur féidir lenár líonra leabharlann an bonneagar agus an acmhainneacht a chur ar fáil chun caidrimh a chruthú agus a chothú, chun comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin a neartú agus chun tionscnaimh nua a fhorbairt.
- Coimeádfaidh an tseirbhís ealaíon caighdeán ard agus sármhaitheas ar bun le linn ár gcláir go léir a chur i gcrích agus le linn deiseanna do gach duine a chur ar fáil.
- Tacóidh an oifig oidhreachta le reachtaíocht, beartais, cláir agus pleananna de chineál náisiúnta agus áitiúil a chur i bhfeidhm i gcás inar nithe iad sin trína ndéantar oidhreacht Chill Chainnigh a shainaithint, a chosaint agus a chur chun cinn.

- We will maximise opportunities for continued professional development, training and skills for cultural practitioners, professionals and communities, consequently developing high-quality, appropriate programmes and opportunities to make the Arts an informed career choice.
- Active participation in nationally coordinated research programmes and projects such as Culture Night, National Heritage week and Bealtaine will serve to ensure a coordinated national approach to such programmes and increase our cultural offerings
- We will ensure our library network can provide the infrastructure and capacity to create and sustain relationships, strengthen existing partnerships and develop new initiatives.
- The arts service will maintain high-quality and excellence in the delivery of all programmes and opportunities for all.
- The heritage office will support the implementation of key national and local legislation, policies, programmes and plans which identify protect and promote Kilkenny's heritage.





**2. Rannpháirtíocht a mhéadú agus a éagsúlú**

Mar thoradh ar chaighdeán agus ilchineálacht iontach na ngníomhaíochtaí agus na dtaitneamhachtaí cultúir a chuirtear ar fáil ar fud Chontae Chill Chainnigh, tá lucht féachana forleathan tiomanta ann. Ach d'fhéadfaí na tairbhí a mhéadú tuilleadh trí leibhéal na rannpháirtíochta a ardú agus dá ndéanfaí an rannpháirtíocht a leathadh ar bhealach níos cothroime trí dhíriú ar ghrúpaí eisiata.

Táimid tiomanta i leith feabhas a chur ar rannpháirtíocht trí fheasacht a mhéadú trí mhargaíocht agus trí fhaisnéis, agus trí fheabhas a chur ar rochtain fhisiciúil agus ar rochtain ar airgeadas.

- Oibreoimid chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ár gcuid pobal agus cleachtóirí chun rannpháirtíocht níos mó a chinntiú thar gach réimse den earnáil chultúir agus chruthaitheach.
- Sainaithneoimid na daoine agus na grúpaí nach bhfuil rochtain á fáil acu ar ghníomhaíochtaí cultúir, nó nach bhfuil páirt á glacadh i ngníomhaíochtaí cultúir acu, faoi láthair, nó a bhfuil páirt á glacadh acu ar leibhéal íseal, agus tabharfaimid tacaíocht dóibh.
- Cumasóidh an scrúdú a dhéanfar ina leith sin dúinn cláir a fhorbairt i gcomhar le cleachtóirí agus le gairmithe ardoilte, ar cláir iad a leathnóidh agus a shaibhreoidh eispéireas daoine agus a spreagfaidh tuilleadh rannpháirtíochta gníomhaí, chomh maith le cumarsáid faoi chúrsaí cultúir idir piaraí agus tacaíocht do chúrsaí cultúir a chur chun cinn.

**2. Increase and diversify participation**

The impressive quality and variety of cultural activities and amenities on offer throughout County Kilkenny has led to large and engaged audiences. However, the benefits of culture could be amplified further by increasing participation, and spread more equitably by targeting excluded groups.

We are committed to enhancing participation by increasing awareness through marketing and information, and by improving physical and financial access.

- We will work to address the needs of our communities and practitioners to ensure greater participation across all areas of the creative and cultural sector.
- We will identify and support those who are not currently accessing or participating in culture, or those who are doing so at a low level.
- This investigation will enable us to develop programmes in collaboration with highly skilled practitioners and professionals that deepen and enrich experiences and further encourage active involvement and peer to peer communication and endorsement of culture.

- Trí oibriú i gcomhpháirtíocht le pobail, forbróidh an oifig oidhreachta cláir, agus tacóidh sí le cláir, trína spreagtar rannpháirtíocht ghníomhach i dtaca le hoidhreacht Chill Chainnigh a shainaithint, a thaifeadadh, a chosaint agus a chur in iúl agus i dtaca le taitneamh a bhaint aisti.
- Déanfar an tseirbhís leabharlainne a fhorbairt mar sheirbhís cheannródaíoch, nuálach, shábháilte, uilechuimsitheach lena ngabhann ardleibhéil úsáide agus a fheabhsóidh comhionannas deiseanna agus a dhéanfaidh freastal ar dhaoine aonair tiomanta agus ar phobail inbhuanaithe.
- Beidh forbairt agus feabhsú ár n-acmhainní digiteacha ina ábhar tosaíochta chun cur chuige níos dinimiciúla a chur i bhfeidhm maidir leis an timpeallacht athraitheach eolais agus cinnteoidh sé go mbíonn an t-eispéireas fíorúil chomh tarraingteach céanna agus an t-eispéireas fisiciúil.
- Déanfaidh an tseirbhís ealaíon rochtain éasca a chur ar fáil ar chláir ardchaighdeáin, nuálacha, spreagúla, dhúshlánacha, tarraingteacha do phobail agus do chleachtóirí láithreacha agus do phobail agus do chleachtóirí nua, rud a chinnteoidh go mbeidh na healaíona fite fuaite i gcomhdhéanamh an tsaoil ó lá go lá.
- Déanfaimid scrúdú ar dheiseanna chun leas a bhaint as cláir chultúir sa chontae, agus chun iad ar fad a chur chun cinn, rud fheabhsóidh tuilleadh an ceangal agus an dlúthchaidreamh idir na seirbhísí éagsúla cultúir.

- Working in partnership with communities the heritage office will develop and support programmes which encourage active participation in identifying, recording, protecting, communicating and enjoying Kilkenny's heritage.
- The library service will be developed as a forward-thinking, innovative, safe and inclusive service with high levels of use to improve equality of opportunity and to provide for connected and engaged individuals and sustainable communities.
- Developing and enhancing our digital resources will be a priority in order to take a more dynamic approach to the changing landscape of knowledge and will ensure that the virtual experience is as engaging at the physical one.
- The arts service will provide for easy access to high-quality, innovative, exciting, challenging and engaging programmes for existing and new communities and practitioners, ensuring that the arts are woven into the fabric of daily life.
- We will explore opportunities to leverage and cross promote cultural programmes in the county, further enhancing the connection and close relationship between the various cultural services.





**3. Tacú le gníomhaíochtaí cultúir i limistéir thuaithe agus i limistéir uirbeacha**

Tá na limistéir agus na ceantair shubstaintiúla tuaithe atá ann i gCill Chainnigh ina gcuid riachtanach d'fhéiniúlacht an chontae. Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta i leith a chur faoi deara go mbeidh gach baile, gach sráidbhaile agus gach ceantar tuaithe sa chontae ina n-áiteanna sorochtana, i dtéarmaí folláine eacnamaíochta agus shóisialta, chun cónaí a dhéanamh iontu. Táimid tiomanta i leith tacú le pobail atá níos ceangailte agus níos tarraingtí ó thaobh cúrsaí cultúir de, rud a chumasóidh rochtain níos fearr ar sheirbhísí cultúir agus a thacóidh le fiontraíocht chultúir agus le turasóireacht chultúir ar bhonn áitiúil.

- Rachaimid i mbun mhapáil chultúir Chontae Chill Chainnigh rud a chumasóidh dúinn tuiscint a fháil ar na hacmhainní cultúir atá ann cheana féin agus ar na hacmhainní cultúir ar féidir leas níos fearr a bhaint astu. Ina theannta sin, cumasóidh sé sin dúinn na bearnaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint agus teacht ar an mbealach is fearr chun déileáil leo.
- Féachfaimid le tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair gníomhacha agus do ghrúpaí phobail atá ann cheana féin, agus le comhoibriú leo, d'fhonn leathnú a dhéanamh ar an líon daoine agus grúpaí a bhfuil teagmháil againn leo i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha. Cumasóidh sé sin dúinn cláir agus seirbhísí a cheapadh agus a thairiscint, ar cláir agus ar seirbhísí iad trína bhforbraítear comhpháirtíochtaí agus comhoibriú chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir agus ar an tuiscint orthu.

**3. Support culture in rural and urban areas**

The substantial rural areas and communities in County Kilkenny are an essential part of its identity. Kilkenny County Council is committed to making all towns, villages and rural areas across the county sustainable places to live, in terms of economic and social well being. We are committed to supporting more connected and culturally engaged communities, enabling better access to cultural services, and supporting cultural enterprise and tourism.

- We will undertake a cultural mapping of County Kilkenny which will enable us to understand what cultural resources currently exist and those that can be better utilised. This will also enable us to identify gaps that need to be addressed and how best to collectively attend to these.
- We will seek to further support and collaborate with active individuals and existing community groups to extend our reach in rural and urban areas. This will enable us to design and offer programmes and services that develop partnerships and collaborations to enhance cultural engagement and understanding.

- Soláthróidh ár n-oifig oidhreachta deiseanna chun páirt a ghlacadh i gcláir agus i seirbhísí oidhreachta ar fud an chontae agus chun cláir agus seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil.
- Soláthróidh ár líonra leabharlainne deiseanna le haghaidh nascachta, uilechuimsitheachta agus rannpháirtíocht phobail agus tá acmhainneacht mhór ag baint léi maidir le dul i dteagmháil le pobail agus mar ardán le haghaidh ealaíon agus oidhreachta i limistéir thuaithe agus i limistéir uirbeacha.
- Cinnteoidh ár n-oifig ealaíon go mbeidh rochtain ar fáil ar eispéiris ardchaighdeáin ealaíon ar fud an chontae do chleachtóirí agus do phobail araon.

**4. Leanaí agus daoine óga a áireamh i ngníomhaíochtaí cultúir**

Má dhéantar daoine a thumadh sa chultúr nuair a bhíonn siad an-óg cothaítear tuiscint agus caidreamh níos leithne agus is cabhair é maidir leis an gcultúr a choimirciú don todhchaí. Rachaidh sé chun tairbhe do ghníomhaíochtaí cultúir atá ar fáil i gContae Chill Chainnigh má leantar de riachtanais leanaí agus daoine óga a chur san áireamh. Chun tacú leis sin, táimid tiomanta i leith pleanáil chomhoibríoch le leanaí agus le daoine óga a spreagadh agus i leith tacú le tionscnaimh chultúir de chineál níos spriocdhírithe.

- Soláthróimid deiseanna le haghaidh foghlaim fhoirmiúil agus foghlaim neamhfhoirmiúil, rud a dhéanfar ar bhealaí éagsúla a oirfidh do leanaí óga agus do dhaoine óga agus, chuige sin, beifear ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí pobail áitiúla. Cumasóidh sé sin dúinn leas a bhaint as ár gclár chun ár raon gníomhaíochta a leathnú agus chun caidreamh a bhunú le líon níos mó daoine óga.
- Cumasóidh an comhoibriú leis na príomh-chomhpháirtithe san earnáil oideachais

- Our heritage office will provide opportunities for engagement with and delivery of heritage programmes and services across the county.
- Our library network will provide opportunities for connection, inclusion and community engagement and it also has enormous potential as a means of engaging with communities and as a platform for arts and heritage in rural and urban areas.
- Our arts office will ensure access to high-quality arts experiences across the county for practitioners and communities alike.

**4. Engage children and young people in culture**

Immersing people in culture from an early age fosters a deeper appreciation and engagement and helps to safeguard culture into the future. The cultural offering in County Kilkenny will benefit by continuing to take into account the needs of children and young people. To support this, we are committed to encouraging collaborative planning with children and young people, and supporting more targeted cultural initiatives.

- We will provide opportunities for formal and informal learning in a variety of ways from early childhood to young people, in cooperation with local stakeholders, agencies and community organisations. This will enable us to expand our reach and engage with more young people across all of our programmes.





dúinn cláir agus acmhainní cultúir áitiúla a fhorbairt do mhúinteoirí, do mhic léinn agus do chleachtóirí sa réimse luathscolaíochta. Ina theannta sin, bainfimid leas as deiseanna forbartha litearthachta agus uimhearthachta do leanaí agus do dhaoine óga trí thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, do chúramóirí agus don líonra réamhscoile agus scoile agus ar an dóigh sin, cothófar fás acadúil agus pearsanta ar fud an chontae.

- Leanfaimid de thaighde agus pleanáil a dhéanamh i ndáil le leathnú ár gclár láithreach do dhaoine óga agus, ag an am céanna, leanfar de thacaíocht a thabhairt i leith raon leathan clár spreagúil cruthaitheachta agus cultúir, agus de chláir den sórt sin a chur i bhfeidhm, ar cláir iad a shaibhríonn saol na leanaí agus na ndaoine óga ar fud an chontae.
- Déanfaimid deiseanna atá ann cheana féin agus deiseanna nua a chur ar aghaidh agus a fhorbairt d'fhonn ról a thabhairt do dhaoine óga i gcomhchruthú ábhair cultúir agus bainfimid úsáid as an teicneolaíocht chun na riachtanais shainiúla atá daoine óga i dtaca le faisnéis agus cumarsáid de a éascú. Éascóidh an cur chuige sin rannpháirtíocht chuí ag daoine óga i ndáil le ceapadh clár don óige amach anseo agus, ar an dóigh sin, cabhróimid le meon úinéireachta a thabhairt dóibh maidir le cuspóirí agus ábhar na gclár. Mar thoradh air sin, déanfar pobal comhtháite daoine óga a chruthú agus ról páirteach gníomhach acu i saol cultúir a gcontae.

- Working with key partners in the education sector will enable us to develop programmes and local cultural resources for teachers, students and early school practitioners. We will also capitalise on opportunities to engage children and young people in literacy and numeracy development by providing support to parents, carers and the pre-school and school network, thus fostering academic and personal growth across the county.
- We will continue to research and plan for the expansion of our existing programmes for young people, all the while maintaining the support and delivery of the broad range of existing creative cultural programming enriching the lives of children and young people across the county.
- We will progress and develop current and new opportunities to engage young people in co-creating cultural content, and use technology to facilitate their distinct information and communication needs. This approach will facilitate the appropriate engagement of young people in the future direction of youth based programmes, thus assisting their ownership of the direction and content of programmes. This will serve to build a cohesive community of young people actively involved and engaged in the cultural life of their county.

- Soláthróidh ár n-oifig ealaíon rochtain ar chláir ardchaighdeáin nuálacha, spreagúla, tharraingteacha, dhúshlánacha do leanaí agus do dhaoine óga d'fhonn teagmháil luath leis na healaíona a spreagadh agus d'fhonn tuiscint níos doimhne ar na healaíona a chothú.
- Chun spéis ar feadh an tsaoil a fhorbairt, déanfaidh ár n-oifig oidhreachta cláir a chuireann daoine óga i dteagmháil le hoidhreacht Chill Chainnigh a fhorbairt agus a chur chun cinn agus tacóidh sí le cláir den sórt sin.
- Cruthóidh an tseirbhís leabharlainne spásanna agus seirbhísí tarraingteacha fáilteacha chun tacú le foghlaim agus fionnachtain i measc leanaí agus daoine óga, rud a rannchuideoidh le folláine eacnamaíochta agus shóisialta ár bpobal.

- Our arts office will provide access to high-quality, innovative, exciting, engaging and challenging programmes for children and young people, to encourage early engagement in the arts and to cultivate a deeper appreciation.
- Our heritage office will support, develop and promote programmes which engage young people in Kilkenny's heritage, to develop life-long interest.
- The library service will create engaging and welcoming spaces and services to support learning and discovery among children and young people, contributing to the economic and social well being of our communities.



Leabharlann Carnegie Chill Chainnigh: Spás Cultúir i gCathair Chill Chainnigh
*Kilkenny Carnegie Library: A Cultural Space in Kilkenny City*





**5. Luach an chultúir a chur in iúl**
De bhreis ar luach bunúsach tábhachtach a ghabhann leis an gcultúr, is féidir leis tairbhí móra a thabhairt do dhaoine aonair agus do phobail i dtaca le cúrsaí sóisialta, sláinte agus folláine, caighdeán na beatha, agus cúrsaí comhshaoil agus eacnamaíochta de.

Chun an leas is mó agus is féidir a bhaint as tionchar an chultúir, agus as an luach a ghineann an cultúr, i gContae Chill Chainnigh, is ceart go dtuigfeadh gach duine fíor-acmhainneacht an chultúir, mar atá ann faoi láthair agus mar a bheidh ann sa todhchaí.

Táimid tiomanta i leith cur chuige straitéiseach comhtháite a chur chun cinn ar dá réir a dhéanfar luach an chultúir a thomhas agus a chur ar taispeáint ar mhodh inbhraite agus ar dá réir a chuirfear tábhacht an chultúir in iúl.

- Oibreoidh Comhairle Contae Chill Chainnigh leis na príomh-chomhpháirtithe chun aschur, tionchar agus luach chultúir Chill Chainnigh a chur chun cinn agus a thomhas. Nuair a dhéantar plé faoi luach an chultúir, cuirfear san áireamh tábhacht an chultúir do gach gné den saol i.e. tábhacht bhunúsach shóisialta, tábhacht eacnamaíochta, tábhacht chomhshaoil, tábhacht sláinte agus tábhacht folláine, agus leagfar béim ar an méid sin.
- Oibreoimid le chéile ar fud na Comhairle agus bainfear an leas is fearr is féidir as gach bealach cuí, chun an luach sin a chur in iúl agus chun feasacht a mhéadú faoinár n-acmhainní saibhre cultúir agus faoi na tairbhí a bhaineann le gabháil do ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta.

**5. Communicate the value of culture**
In addition to having a vital intrinsic value, culture can provide great social, health and well being, quality of life, environmental and economic benefit to individuals and communities.

In order to maximise its impact, and ultimately the value generated by culture in County Kilkenny, the real existing and future potential should be understood by all involved.

We are committed to championing a strategic and integrated approach, measuring and demonstrating the value of culture in a tangible way, and advocating for its importance.

- Kilkenny County Council will work with key partners to promote and measure the output, impact and value of Kilkenny's culture. When discussing value we will are mindful of and will focus on the significance and importance of culture in all its guises, i.e. intrinsic social, economic, environmental, health and well being.
- We will work together across the Council, maximising all appropriate channels, to communicate this value and to raise awareness about our rich cultural resources and the benefits of engaging in cultural and creative endeavours and activities.

- Cinnteoimid go bhfuil tuiscint mhaith agus meas ag geallsealbhóirí agus ar phobail ar luach bunúsach na n-ealaíon i dtaca le cúrsaí sóisialta, oideachais agus eacnamaíochta de, is é sin geallsealbhóirí agus pobail atá ann cheana féin agus geallsealbhóirí agus pobail ionchasacha.
- Cuirfimid comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha ar bun ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal naisiúnta d'fhonn lucht tacaíochta a chruthú don chultúr sa chontae. Forbróimid modheolaíochtaí cuí nuair is gá sin.
- Cinnteoimid go dtugtar aitheantas don tseirbhís leabharlainne mar ghníomhaí tábhachtach i ndáil le sláinte oideachais, shóisialta, eacnamaíochta, chultúir agus chathartha an phobail a chothú, rud a dhéantar go minic ar bhealaí neamhfhollasacha nó ar bhealaí nach bhfaigheann aitheantas.
- Cinnteoimid go dtugtar aitheantas do luach eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus comhshaoil oidhreacht Chill Chainnigh don chontae agus dá phobail agus go gcuirtear an méid sin in iúl.

- We will ensure that the intrinsic, social, educational and economic value of arts is well understood and appreciated by existing and potential stakeholders and communities.
- We will forge alliances and build strategic partnerships at local, regional and national level to develop advocates for culture in the county. We will develop appropriate methodologies where required.
- We will ensure the library service is recognised as a key player in sustaining the educational, social, economic, cultural and civic health of the community in ways that are often unseen or unrecognised.
- We will ensure that the economic, social, cultural and environmental value of Kilkenny's heritage to the county and its communities is recognised and communicated.



An bhumbóg gharraí (Bombus hortorum) – clár Bithéagsúlachta Eolaíochta do Shaoránaigh trína ndéantar ár n-oidhreacht shaibhir nádúrtha a thaifeadadh (Grianghraf, Liam Lysaght)
*Garden bumblebee (Bombus hortorum) – Kilkenny's Citizen Science Biodiversity programme recording our rich natural heritage (Photo, Liam Lysaght)*







The Breadwinner Exhibition i nGailearaí na mBuitléarach: taispeántas idirghníomhach, ilmheán agus líníochtaí bunaidh ann de chuid an stiúideo beochana Éireannaigh Carftoon Saloon atá lonnaithe i gCill Chainnigh agus a ainmníodh faoi thrí i gcomhair Oscar© (Grianghraf, Allen Kiely. Le caoinchead ó Ghailearaí na mBuitléarach agus ó Cartoon Saloon)
*The Breadwinner Exhibition at the Butler Gallery: an interactive, multi-media exhibition with original drawings from the Kilkenny-based and thrice Oscar© nominated Irish animation studio Cartoon Saloon (Photo, Allen Kiely. Courtesy Butler Gallery and Cartoon Saloon)*

# 6 Feidhmiú sa Bhliain 2018
## Implementation in 2018

LEANFAIDH COMHAIRLE CONTAE Chill Chainnigh de ról fíorthábhachtach a bheith aici i ndáil leis an saol cultúir agus cruthaitheachta i gContae Chill Chainnigh. Agus í ag obair go dlúth le pobail, fónann an Chomhairle Contae mar choimeádaí an chultúir naisiúnta agus an chultúir áitiúil araon agus mar chatalaíoch i leith cultúr agus cruthaitheacht áitiúil sa chontae trí thacú le hardchaighdeáin i réimse an chultúir, na n-ealaíon, na hoidhreachta, na leabharlann agus na dearthóireachta ailtireachta.

Tá maoiniúchán faighte ó Chlár Éire Ildánach agus ó chláir chomhpháirtíochta eile de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le haghaidh na dtionscnamh seo a leanas i gContae Chill Chainnigh sa bhliain 2018:

### Éire Ildánach

- Bookville: Féile Leabhar do Leanaí
- Léitheoir Cónaithe: Tionscnamh cuimhní cinn Nollag mar chuid de Yulefest
- Whispering Fields: Scannán gearr faoi ainmneacha páirceanna i gContae Chill Chainnigh
- Ceardlanna cultúir do leanaí: Féile na Síscéalta, Gairdíní Chluain Dúin
- Rhyme Rag Ensemble: Foilseachán de chuid grúpa filíochta óige
- Iniúchadh ar Oidhreacht Bhéil Chontae Chill Chainnigh: Iniúchadh ar thaifeadtaí béaloidis Chill Chainnigh
- Stories from Waterways: Scannán gearr faoi oidhreacht Abhainn na Bearú
- Seachtain na Meabhairshláinte i gCill Chainnigh: An Clár Sláinte agus Folláine
- Bealtaine: Féile do Dhaoine Scothaosta
- Mórbhileog Chill Chainnigh: Mórbhileog Litríochta Gaeilge
- The Big Chapel: Ceardlanna 'One County, One Book'
- The Breadwinner Exhibition: Taispeántas comhoibríoch, idirghníomhach, ilmheán a d'eagraigh Cartoon Saloon agus Gailearaí na mBuitléarach
- Bring Your Own Chair: Cónaitheacht ealaíontóra trína bhféachtar le spásanna poiblí a chruthú i mbailte agus i sráidbhailte ar fud chontaetha Chill Chainnigh, Loch Garman agus Phort Láirge.
- Mná na hÉireann – 1918 - 2018: léachtaí agus cur i láthair faoi shaol athraitheach agus faoi róil athraitheacha Mhná na hÉireann le linn luathbhlianta an 20ú haois
- Clár Bithéagsúlachta Eolaíochta na Saoránach: Bithéagsúlacht Chill Chainnigh a thaifeadadh
- Imeall Cultúir i nGráig na Manach, Baile na Leabhar

### Deich mBliana na gCuimhneachán

- Lá na mBan: Tionscadal de chuid Chumann Seandálaíochta Chill Chainnigh chun teacht ar mhná Chill Chainnigh a chuir i gcoinne an choinscríofa sa bhliain 2018 le deis a thabhairt dóibh a scéal a insint.

### **Cruinniú na nÓg** (Lá Náisiúnta na Cruthaitheachta do Dhaoine Óga)

- Ceardlanna Cultúir do Leanaí: Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh
- Ceardlanna Amharclannaíochta do Leanaí: Barnstorm Theatre Company
- Mion-Sráidbhaile Ceardaíochta: Comhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann

KILKENNY COUNTY COUNCIL will continue to play a vital role in the cultural and creative life in County Kilkenny. Working closely with communities, the County Council serves as a custodian of both national and local culture, and as a catalyst for local culture and creativity in the county, through supporting high quality culture, arts, heritage, libraries and architectural design.

The following initiatives have received funding from the Creative Ireland Programme, and other partner programmes of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, in 2018 in County Kilkenny:

### Creative Ireland

- Bookville: Children's Book Festival
- Reader in Residence: Christmas memory initiative as part of Yulefest
- Whispering Fields: A short film about field names in County Kilkenny
- Children's cultural workshops: Fairy Tale Festival, Woodstock Gardens
- Rhyme Rag Ensemble: Publication from youth poetry group
- County Kilkenny Oral Heritage Audit: Audit of Kilkenny oral recordings
- Stories from Waterways: Short film about the heritage of the River Barrow
- Mental Health Week Kilkenny: Health and Wellbeing Programme
- Bealtaine: Festival for Older People
- Mórbhileog Chill Chainnigh: Literary Broadsheet as gaeilge
- The Big Chapel: One County, One Book workshops
- The Breadwinner Exhibition: Interactive, multimedia collaborative exhibition between Cartoon Saloon and the Butler Gallery
- Bring Your Own Chair: Artist residency looking to reclaim public space in rural towns and villages across counties Kilkenny, Wexford and Waterford
- Mná na hÉireann – 1918 - 2018: lectures and presentations on the changing lives and roles of Mná na hÉireann in the early years of the 20th century
- Citizen Science Biodiversity Programme: Recording Kilkenny's Biodiversity
- Cultural Fringe at Graiguenamanagh Town of Books

### Decade of Centenaries

- Lá na mBan: Kilkenny Archaeological Society project to find the Kilkenny women who opposed conscription in 1918, and tell their stories.

### **Cruinniú na nÓg** (National Day of Creativity for Young People)

- Children's Cultural Workshops: Kilkenny County Library Service
- Children's Theatre Workshops: Barnstorm Theatre Company
- Mini Craft Village: Design and Crafts Council of Ireland

**Aguisín 1 – Pleananna Thionscadail Forbartha Caipitiúla Chill Chainnigh 2018 – 2022**

Tá clár uaillmhianach caipitiúil ag Comhairle Contae Chill Chainnigh don tréimhse 2018 – 2022, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar tábhachtach sa chontae. Áiríonn sé sin na nithe seo a leanas, gan bheith teoranta dóibh:

1. Gailearaí na mBuitléarach: Tionscadal Caipitiúil atá le cur i gcrích – €6m
2. Leabharlann Chathair Chill Chainnigh: Tionscadal Caipitiúil atá le cur i gcrích – €5m
3. Leabharlann Bhaile Mhic Andáin: Tionscadal Caipitiúil atá beartaithe
4. Mol Cultúir Challainn: Tionscadal Caipitiúil atá beartaithe.
5. Spás taibhiúcháin do Chill Chainnigh a éascú.
6. Spásanna déantóra agus stiúideo a éascú ar mhaithe le gníomhaíochtaí i leith priontaí agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha eile.

D'fhéadfadh sé go dtiocfaidh tionscadail chultúir chaipitiúla eile chun cinn i gContae Chill Chainnigh, agus go bhforbrófar iad, i rith ré na straitéise 5 bliana seo.

**Appendix 1 – Kilkenny Capital Development Project Plans 2018 – 2022**

Kilkenny County Council has an ambitious capital programme for 2018 – 2022, including investment in key cultural infrastructure in the county. This includes, but is not limited to, the following:

1. Butler Gallery: Delivery Capital Project – €6m
2. Kilkenny City Library: Delivery Capital Project – €5m
3. Thomastown Library: Proposed Capital Project
4. Callan Cultural Hub: Proposed Capital Project
5. Facilitate development of a performance space for Kilkenny.
6. Facilitate maker and studio spaces for print and other creative pursuits.

Other cultural capital projects in County Kilkenny may emerge and be developed over the course of this 5 year strategy.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022